AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.11.2023
COM(2023) 759 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le caiteachas CERT
Córas Luathrabhaidh Uimh. 7-10/2022

Clár Ábhar

1. BARÚLACHA MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME SEALADACH BHUISÉAD CERT LE HAGHAIDH 2023 1

1.1. CINEÁLACHA IDIRGHABHÁLACHA IN EARNÁLACHA ÁIRITHE FAOI NA PLEANANNA STRAITÉISEACHA CBT (AIRTEAGAL BUISÉID 08 02 02) 1

1.2. CAITEACHAS A BHAINEANN LEIS AN MARGADH LASMUIGH DE PHLEANANNA STRAITÉISEACHA CBT (AIRTEAGAL BUISÉID 08 02 03) 1

1.3. ÍOCAÍOCHTAÍ DÍREACHA LASMUIGH DE PHLEANANNA STRAITÉISEACHA CBT (AIRTEAGAL BUISÉID 08 02 05) 2

2. CÚLCHISTE TALMHAÍOCHTA (AIRTEAGAL BUISÉID 08 02 01) 3

3. CUR CHUN FEIDHME AN IONCAIM A SHANNTAR DO CERT (MÍR BHUISÉID 6 2 0 0) . 3

4. CONCLÚIDÍ 4

IARSCRÍBHINN: TOMHALTAS SEALADACH LEITHREASUITHE CERT GO DTÍ AN 31 LÚNASA 2023

1. BARÚLACHA MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME SEALADACH BHUISÉAD CERT LE hAGHAIDH 2023

Léirítear san iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo cur chun feidhme sealadach an bhuiséid maidir leis an tréimhse ón 16 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023.

Cuirtear an leibhéal cur chun feidhme i gcomparáid le próifíl chaiteachais an chórais luathrabhaidh a cuireadh ar bun i gcomhréir le hAirteagal 19 de de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2116.

Cuirtear tráchtaireacht ghairid ar airteagail agus míreanna buiséid áirithe i láthair thíos, tráchtaireacht ina léirítear na difríochtaí is suntasaí idir leibhéil an chur chun feidhme agus próifílí caiteachais.

1.1. CINEÁLACHA IDIRGHABHÁLACHA IN EARNÁLACHA ÁIRITHE FAOI NA PLEANANNA STRAITÉISEACHA CBT (AIRTEAGAL BUISÉID 08 02 02)

Léiríonn gach mír faoi na cineálacha idirghabhála de réir earnála faoi na Pleananna Straitéiseacha CBT diall suntasach anuas ón bpróifíl (-41.5 pointe céatadáin). Is é EUR 146.9 milliún tomhaltas sealadach iomlán an airteagail sin, i.e. thart ar EUR 398.2 milliún níos ísle ná an phróifíl.

Léiríonn caiteachas a dearbhaíodh go dtí seo maidir le míreanna buiséid 08 02 02 01 — Earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, 08 02 02 02 — Earnáil na dtáirgí beachaireachta agus 08 02 02 05 — Ola Olóige agus earnáil na n-ológ boird, diallas EUR -148.2 milliún ón bpróifíl (-31.5 pointe céatadáin), EUR -23.7 milliún (-44.7 pointe céatadáin) agus EUR -6.2 milliún (-17.3 pointe céatadáin).

Tá codarsnacht idir an cur chun feidhme a bhí níos ísle ná mar a bhí coinne leis maidir le hearnáil an fhíona (08 02 02 03) (EUR -220.1 milliún) agus an cur chun feidhme is airde maidir leis an earnáil sin faoi mhír bhuiséid 08 02 03 07 (EUR 190.1 milliún). Tugtar le fios leis sin go bhfuil roinnt Ballstát ag aistriú a leithdháiltí leithreasuithe le haghaidh cineálacha idirghabhála in earnáil an fhíona faoi na Pleananna Straitéiseacha chuig na Cláir Tacaíochta Náisiúnta um Fhíon, a mhaoinítear lasmuigh de na Pleananna Straitéiseacha (féach pointe 1.2 thíos).

Maidir le Leannlusanna (08 02 02 04), is lasmuigh de Phlean Straitéiseach CAP a rinneadh an íocaíocht (féach an nóta tráchta lena mbaineann le haghaidh 08 02 03 09, féachtar faoi phointe 1.2 thíos).

1.2. CAITEACHAS A BHAINEANN LEIS AN MARGADH LASMUIGH DE PHLEANANNA STRAITÉISEACHA CBT (AIRTEAGAL BUISÉID 08 02 03)

Go ginearálta, is gnách go mbíonn glacadh na leithreasuithe maidir le Caiteachas a bhaineann leis an margadh lasmuigh de Phleananna Straitéiseacha CBT níos airde ná an phróifíl tomhaltais faoi EUR 242.5 milliún (13.9 bpointe céatadáin).

Mar sin féin, tá cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a bhaineann le ‘Táirgí talmhaíochta a chur chun cinn — Cláir shimplí faoi bhainistíocht chomhroinnte’ (08 02 03 02) agus le ‘Ola olóige’ (08 02 03 05) níos ísle ná an phróifíl, le EUR -4.5 milliún (-5.4 pointe céatadáin) agus EUR -2.3 milliún faoi seach (-25.2 pointe céatadáin).

Os a choinne sin, maidir le caiteachas ar Thorthaí agus glasraí (08 02 03 06), tá an cur chun feidhme EUR 97.1 milliún níos airde ná mar a bhí coinne leis (19.1 pointe céatadáin) agus maidir leis na cláir tacaíochta fíona (08 02 03 07), tá sé fiú EUR 190.1 milliún níos airde ná an phróifíl (30.3 pointe céatadáin).

Sáraíonn íocaíochtaí le haghaidh beachaireachta (08 02 03 08) an méid arna bhuiséadú agus tá siad EUR 5.5 milliún (110.1 pointe céatadáin) níos airde ná mar a bhí coinne leis ag deireadh mhí Lúnasa.

Maidir le Leannlusanna, rinneadh an forghníomhú iomlán faoi 08 02 03 09 (mír bhuiséid na Leannlusanna faoi chaiteachas a bhaineann leis an margadh lasmuigh de Phleananna Straitéiseacha CBT) in ionad 08 02 02 04 (mír bhuiséid na Leannlusanna faoi Chineálacha Idirghabhálacha de réir earnála faoi Phleananna Straitéiseacha CBT).

Maidir le 08 02 03 10 — Bearta stórála poiblí agus príobháidí, beidh an dibhéirseacht ón bpróifíl fós de réir cuid na stórála príobháidí muiceola a d’íoc na Ballstáit cheana sa bhliain airgeadais 2022 agus ar measadh ar dtús go raibh sé le híoc i mbliain airgeadais 2023.

Ag an bpointe seo, meastar gur beart sealadach í an dibhéirseacht ó na próifílí maidir leis na scéimeanna thuasluaite, cé is moite de bhearta stórála poiblí agus príobháidí.

Tríd is tríd, tá coinne go gcumhdóidh na méideanna arna mbuiséadú na riachtanais.

1.3. ÍOCAÍOCHTAÍ DÍREACHA LASMUIGH DE PHLEANANNA STRAITÉISEACHA CBT (AIRTEAGAL BUISÉID 08 02 05)

Is gnách gur go mbíonn glacadh na leithreasuithe maidir le híocaíochtaí díreacha lasmuigh de Phleananna Straitéiseacha CBT i gcomhréir leis an bpróifíl tomhaltais. Faoi dheireadh mhí Lúnasa 2023, dhearbhaigh na Ballstáit EUR 37 620.1 milliún san iomlán maidir leis an airteagal buiséid seo.

Na hÍocaíochtaí a dhéantar le haghaidh na Scéime íocaíochta aonair limistéir (08 02 05 02), an Íocaíocht athdháilte (08 02 05 03), an Íocaíocht do chleachtais talmhaíochta a dhéanann leas na haeráide agus an chomhshaoil (08 02 05 05), agus an Scéim um tacaíocht chúpláilte dheonach (08 02 05 09), tá siad go léir ag freagairt don phróifíl tomhaltais.

Sa phróifíl cur chun feidhme le haghaidh Scéim na híocaíochta bunúsaí (08 02 05 04), cuirtear san áireamh an t-ioncam a shanntar don mhír bhuiséid seo. Ar an mbonn sin, tá an caiteachas maidir leis an scéim sin ag freagairt don phróifíl, agus níl sé ach EUR -1.1 milliún (diall 0.0 pointe céatadáin) níos ísle ná mar a bhí coinne leis (féach an bosca ‘Chun críoch faisnéise amháin’ san iarscríbhinn).

Tá Íocaíochtaí le haghaidh feirmeoirí i leith limistéar a bhfuil srianta nádúrtha iontu (08 02 05 06) agus le haghaidh feirmeoirí óga (08 02 05 07) níos ísle ná an phróifíl le EUR -0.1 milliún (-2.3 pointe céatadáin) agus EUR -19.4 milliún (-4.1 pointe céatadáin) faoi seach. Tá coinne nach gcuirfear an méid arna bhuiséadú maidir le Scéim na bhfeirmeoirí óga i bhfeidhm go hiomlán i dtreo dheireadh na bliana. Aistreofar na leithreasuithe nár úsáideadh chun míreanna eile faoin airteagal seo a threisiú i gcás ina sáraíonn an caiteachas na riachtanais bhuiséadaithe.

Maidir le Scéim na bhfeirmeoirí beaga (08 02 05 10), tá an cur chun feidhme 2.3 pointe céatadáin (EUR 13.4 milliún) níos airde ná mar a bhí coinne leis.

2. CÚLCHISTE TALMHAÍOCHTA (AIRTEAGAL BUISÉID 08 02 01)

Maidir leis an mbliain airgeadais 2023, vótáladh EUR 450 milliún chun an caiteachas a d'fhéadfadh a bheith ann faoin gcúlchiste talmhaíochta a chumhdach. Go dtí deireadh mhí Lúnasa, glacadh cúig bheart, ar EUR 530.5 milliún san iomlán iad:

- maidir le bearta eisceachtúla tacaíochta margaidh le haghaidh earnálacha na n-uibheacha agus na feola éanlaithe clóis sa Pholainn (EUR 17.0 milliún)[1];
- beart tacaíochta éigeandála d'earnálacha na ngránach agus na n-olashíolta sa Bhulgáir, sa Pholainn agus sa Rómáin (EUR 56.3 milliún)[2];
- maidir le bearta eisceachtúla tacaíochta margaidh le haghaidh earnálacha na n-uibheacha agus na feola éanlaithe clóis san Iodáil (EUR 27.2 milliún)[3];
- maidir le beart tacaíochta éigeandála le haghaidh earnálacha na ngránach agus na n-olashíolta sa Bhulgáir, san Ungáir, sa Pholainn, sa Rómáin agus sa tSlóvaic (EUR 100.0 milliún)[4];
- tacaíocht airgeadais éigeandála do na hearnálacha atá buailte le fadhbanna sonracha a mbíonn tionchar acu ar inmharthanacht eacnamaíoch na dtáirgeoirí talmhaíochta (EUR 330.0 milliún)[5].

Maoinítear na chéad trí bheart faoi chúlchiste talmhaíochta 2023, agus dá bhrí sin faoi Bhuiséad 2023. Is in dhá bhliain airgeadais CERT éagsúla atá na dátaí incháilitheachta le haghaidh an dá bheart dheireanacha. Dá bhrí sin, maoinítear iad faoi chúlchistí talmhaíochta 2023 agus 2024 araon (Buiséad 2023 agus Buiséad 2024). Go dtí an 31 Lúnasa 2023, dearbhófar EUR 10.0 milliún íocaíochtaí.

[1] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2406 ón gCoimisiún, IO L 317, 9.12.2022, lgh. 56–63.
[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/739 ón gCoimisiún, IO L 96, 5.4.2023, lgh. 80–84.
[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/834 ón gCoimisiún, IO L 105, 20.4.2023, lgh. 2–8.
[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1343 ón gCoimisiún, IO L 168, 3.7.2023, lgh. 22–26.
[5] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1465 ón gCoimisiún, IO L 180, 17.7.2023, lgh. 21–27.

3. CUR CHUN FEIDHME AN IONCAIM A SHANNTAR DO CERT (MÍR BHUISÉID 6 2 0 0)

Léirítear sa tábla san iarscríbhinn go raibh ioncam sannta de EUR 505.5 milliún bailithe faoi dheireadh mhí Lúnasa 2023. Áirítear leis sin:

- ioncam a bailíodh i rith na bliana airgeadais, EUR 503.1 milliún. Baineann sé go príomha leis an ioncam as ceartuithe a áiríodh i gcinntí imréitigh cuntasaíochta agus imréitigh comhréireachta, ach leis an ioncam ó neamhrialtachtaí arna ndearbhú ag na Ballstáit freisin.

- d'ainneoin nach ndearnadh meastachán ar mhéid a bheadh le tabhairt anonn le linn do bhuiséad 2023 a bheith á ghlacadh, ba é EUR 2.3 milliún an t-ioncam a tugadh anonn ó 2022 go 2023 ar deireadh.

4. CONCLÚIDÍ

Maidir le forghníomhú sealadach na leithreasuithe buiséadacha CERT le haghaidh 2023 maidir leis an tréimhse go dtí an 31 Lúnasa 2023, tá sé rud beag níos airde (EUR 408.2 milliún nó 1.0 pointe céatadáin) ná an phróifíl chaiteachais arna ríomh.

Tá EUR 505.5 milliún d'ioncam sannta ar fáil cheana féin agus meastar go mbaileofar suimeanna breise le linn na bliana airgeadais.

Faoi láthair, maidir leis na leithreasuithe a vótáladh, mar aon le méid an ioncaim shannta a bheidh ar fáil faoi dheireadh na bliana airgeadais, measann an Coimisiún go mbeidh an méid sin leordhóthanach chun an caiteachas uile a chumhdach.